



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Critéir agus Treoirínte an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

RANNÁN A – CRITÉIR LE HAGHAIDH AN DEONTAIS EALAÍON, 2019

Caithfidh na hiarratasóirí go léir na Critéir agus na Treoirínte a ghabhann leis seo a léamh go hiomlán sula gcomhlánóidh siad an fhoirm iarratais.

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná an Déardaoin 1 Samhain ag 12 meánlae.

Tá trí chatagóir mhaoiniúcháin ann:

- **Ioncam:** Níl iarratais nua ioncaim ar bith ceadaithe.
- **Tionscadal:** le haghaidh tionscadail ealaíon aon uaire.
- **Comharsanacht:** le haghaidh tionscadail agus eagraíochtaí áitiúla.
- **Deonach:** le haghaidh tionscadail agus eagraíochtaí deonacha.

Táthar ag súil, faoi réir leithdháileadh buiséid, gurb é méid iomlán an mhaoiniúcháin a bheidh ar fáil ná €530,000.

PRÍOMHCHRITÉIR LE HAGHAIDH NA NIARRATAS GO LÉIR

- **Caithfidh gach iarratas a bheith bainteach le tionscadail atá ar siúl in 2019 laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**
- Caighdeán an tsaothair ealaíonta
- An lucht spéise a bhfuil freastal á dhéanamh orthu
- Tionscadal inmharthana a bhfuil réamh-mheastacháin réalaíocha airgeadais ag baint lena dhearadh
- Teachnt ag luchtanna spéise agus rannpháirtithe ilghnéitheacha air ó thaobh suímh, costais, agus daoine le riachtanais speisialta de
- Cumas foinsí maoiniúcháin eile a bhaint amach, lena n-áirítear maoiniú comhchineáil - caithfear íosmhéid 30% a fháil ó fhoinsí eile. Caithfear fianaise air seo a léiriú agus pé áit a bhfuil siad neamhdheimhnithe, caithfidh sé seo a bheith soiléir. I gcás iarratasóirí Tionscadail – níl ach táillí ealaíontóirí agus costais chláir i dteideal tacaíochta
- Táillí ealaíontóirí i gcomhréir leis an gcleachtas gairmiúil
- Cur i láthair poiblí na hoibre sa chathair (cé go gcuirfear tionscadail taighde gníomhaíochta san áireamh)

IONCAM

Déanann eagraíochtaí ealaíon a gcion chun tosaíochtaí agus spriocanna Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chur i gcrích go straitéiseach, agus is féidir leo gníomhú go héifeachtach ar son na n-ealaíon agus iad a chur chun cinn i measc an phobail, i measc comhpháirtithe i ngníomhaireachtaí eile, agus i measc comhlachtaí poiblí. Níl aon iarratasóirí ioncaim nua á gcur san áireamh faoi láthair, agus ní mór d'iarratasóirí ioncaim a léiriú go bhfuil an trí phríomh-inniúlacht seo a leanas acu:

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Critéir agus Treoirínte an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

- 1. Forbairt Ealaíon agus Rannpháirtíocht Pobail (40%):** tacaíonn sé seo le rochtain, feasacht agus léirtheiscint ar na healaíona, agus muid ag glacadh leis go bhfuil comhcheangal idir an sármhaitheas agus an rochtain, arna léiriú ag:
 - Uaillmhian Ealaíonta agus nuáil sa chlár oibre
 - Léiriú go gcuireann siad go suntasach le forbairt ealaíne agus ghairmiúil ealaíontóirí
 - Straitéis shoiléir leanúnach chun lucht spéise a fhorbairt
 - Cur le feasacht an phobail ar fhoirmeacha ealaíne agus ar shaothair ealaíne, agus cur leis an ngaol atá ag an bpobal leo sin
 - Measúnú, cumarsáid agus tacaíocht
 - Deiseanna a sholáthar do phobail éagsúla na cathrach a bheith rannpháirteach sna healaíona i mbealaí lena mbaineann brí dóibh
 - Faisnéis agus smaointe a chomhroinnt chun rannpháirtíocht níos doimhne agus chun comhroinnt níos doimhne scéalta ar an dea-chleachtas nó ar an rath a chruthú

- 2. Ceannasaíocht Straitéiseach (30%):** an acmhainneacht agus an inniúlacht chun dul i dtaithí ar thimpeallachtaí athraitheacha ar chaoi chruthaitheach, agus ar an mbealach seo, cur le forbairt inmharthana bhonneagar ealaíon na cathrach, mar a léirítear thíos:
 - Fianaise ar rialachas daingean, ar phróisis atá cothrom agus follasach (cuntasacht agus comhionannas deiseanna), agus a bheith ag feidhmiú go leanúnach ar feadh 3 bliana ar a laghad
 - Léireoidh siad bainistíocht fhónta airgeadais (ní mór iniúchtaí a sholáthar) agus ioncam arna fháil ó fhoinsí eile maoinithe (íosmhéid 50% de mhaoiniú comhfhreagrach)
 - Bonneagar riaracháin gairmiúil
 - Nuálaíocht, dul i dtaithí, agus teacht aniar a léiriú

- 3. Comhpháirtíocht (30%):** ag spreagadh agus ag cur deiseanna úra ar fáil d'earnáil na n-ealaíon, arna léiriú ag.
 - Eolas agus ar shaineolas faoi leith a léiriú a chuireann na healaíona ar fáil d'earnálacha eile
 - Córais tacaíochtaí d'earnáil na n-ealaíon agus do phobail sa chathair a neartú
 - Cuireann leis an bhfeidhmíocht ar leibhéal earnála, disciplíneach agus/nó trasdisciplíneach

Réimse an deontais: 5,000 – 40,000

TIONSCADAL

- 1. Caighdeán agus Uaillmhian Ealaíonta an tionscadail mholta (40%)**
Arna léiriú ag:
 - (a) Uaillmhian ealaíonta agus caighdeán an smaoinimh tionscadail
 - (b) Rannpháirtíocht agus dintiúirí na nEalaíontóirí Proifisiúnta a bhfuil baint acu leis
 - (c) Táillí ealaíontóirí i gcomhréir leis an gcleachtas gairmiúil

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Critéir agus Treoirínte an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

2. **Indéantacht an tionscadail maidir le hacmhainní aitheanta ar féidir iad a fhíorú (40%)**
Arna léiriú ag:
- a) Indéantacht theicniúil
 - b) Litreacha tacaíochta nó dearbhú maoinithe
 - c) Cumas 30% ar a laghad den mhaoiniú riachtanach a fháil ó fhoinsí eile
 - d) Lucht spéise sainaitheanta agus Plean Margaíochta/Díolacháin a bheith ann chun suim an lucht spéise sin a mhúscailt

3. **Éagsúlacht, Inrochtaine agus Cuimsiú (20%)**

Ar bhunús a Plean Ealaíon agus Straitéise Cultúrtha, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag féachaint le tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh tionscadail agus cláir Ealaíon atá ionchuimsitheach agus a bhfuil tuiscint agus oscailteacht ag baint leo, le go rachaidh an obair seo i gcion ar phobail éagsúla. Úsáid doiciméid bheartais, m. sh. Beartas Míchumais, nó tionscnaimh mhargaíochta ar leith amhail ticéadú ísealchostais, chun fianaise a sholáthar maidir leis an gcur chuige seo. Is féidir an cur chuige seo a léiriú freisin i do spriocphobal, do rannpháirtithe, d'fhoireann tionscadail nó san áit ábhartha, m. sh. más de dhaonraí imeallaithe, de dhaonraí faoi dhúshlán nó de dhaonraí 'neamh-inrochtana' iad, agus luaigh anseo é le do thoil, más amhlaidh atá sé.

Ní mór don tionscadail tarlú in 2019.

Tionscadail nó codanna de thionscadail a bhfuil á gcur i láthair go poiblí nó atá ar taispeáint laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath amháin atá i dteideal mheasúnaithe i gcomhair deontais.

- Réimse an Deontais: 2,000 – 10,000 Euro

COMHARSANACHT

Féadfaidh tionscadail chomharsanachta a chur ar bun le cónaitheoirí, le heagraíochtaí pobail áitiúla nó le grúpaí agus/nó le healaíontóirí a gcónaíonn nó a bhfuil suim acu a bheith ag obair i gcomharsanachtaí faoi leith. Inis dúinn conas mar a cuireadh tús le do thionscadal agus cén dóchas atá agat dó.

Ba chóir d'iarratasóirí na míreanna seo a leanas isteach a sheoladh isteach

- C.V. an iarratasóra
- C.V. na n-ealaíontóirí proifisiúnta atá rannpháirteach
- Buiséad
- Cur síos ar an ngrúpa/eagraíocht
- Déan cur síos ar an tionscadal molta agus ar a amlíne

Ní mór go mbeadh na saintréithe seo ag gach tionscadal:

- Comhoibriú láidir a léiriú idir na healaíontóirí agus na rannpháirtithe sa chomharsanacht
- Tarlú laistigh de Cheantar Riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Plé agus comhoibriú fiúntach, agus rannpháirtíocht gach duine i bhforbairt an togra nó tionscadal a chur chun cinn

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Critéir agus Treoirínte an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

Ba chóir go dtacódh tionscadail chomharsanachta le gníomhaíocht áitiúil ealaíon agus le sainiúlacht áitiúil, agus go mbeadh baint acu le ceantar áitiúil. D'fhéadfaí sainghrúpaí amhail daoine óga ná daoine aosta a shaináithint lena chinntiú go ndéileálann an tionscadal le leasanna a bhfuil éagsúlacht chultúrtha agus cuimsiú sóisialta ag baint leo.

Ba chóir go dtacódh tionscadail chomharsanachta le gníomhaíocht áitiúil ealaíon agus le sainiúlacht áitiúil, agus go mbeadh baint acu le ceantar áitiúil. D'fhéadfaí sainghrúpaí amhail daoine óga ná daoine aosta a shaináithint lena chinntiú go ndéileálann an tionscadal le leasanna a bhfuil éagsúlacht chultúrtha agus cuimsiú sóisialta ag baint leo. Ní mór rannpháirtíocht na ngrúpaí rannpháirteacha sa tionscadal a léiriú, mar aon le rannpháirtíocht ealaíontóra proifisiúnta. Caithfidh 30% den mhaoiniú ar a laghad teacht ó fhoinsí seachas an deontas ealaíon.

Maidir le hiarratais chomharsanachta láidre, bíonn an oifig ealaíon ag spreagadh iarratasóirí le comhpháirtíochtaí a fhorbairt ar bhonn áitiúil, agus oibrímid freisin chun forbairt áitiúil inmharthana a chur chun cinn.

- Is é €2,000 go €10,000 Réimse an Deontais

1. **Caighdeán agus Uaillmhian Ealaíonta an tionscadail mholta (40%)**
Arna léiriú ag:
 - a) Uaillmhian ealaíonta agus caighdeán an smaoinimh tionscadail
 - b) Rannpháirtíocht agus dintiúirí na nEalaíontóirí Proifisiúnta a bhfuil baint acu leis
 - c) Táillí ealaíontóirí i gcomhréir leis an gcleachtas gairmiúil
2. **Indéantacht an tionscadail maidir le hacmhainní aitheanta ar féidir iad a fhíorú (30%)**
Arna léiriú ag:
 - a) Leibhéal agus rannpháirtíocht na ngrúpaí rannpháirteacha i ndearadh/bainistiú an tionscadail
 - b) Dintiúirí agus taithí na heagraíochta chomharsanachta
 - c) Litreacha tacaíochta nó dearbhú maoinithe
 - d) Cumas 30% ar a laghad den mhaoiniú riachtanach a fháil ó fhoinsí eile
3. **Láthair agus Inrochtaineacht (30%)**

Ar bhunús a Plean Ealaíon agus Straitéise Cultúrtha, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag féachaint le tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh tionscadail agus clár Ealaíon atá ionchuimsitheach agus a bhfuil tuiscint agus oscailteacht ag baint leo, le go rachaidh an obair seo i gcion ar phobail éagsúla. Úsáid doiciméid bheartais, m. sh. Beartas Míchumais, nó tionscnaimh mhargaíochta ar leith amhail ticéadú ísealchostais, chun fianaise a sholáthar maidir leis an gcur chuige seo. Is féidir an cur chuige seo a léiriú freisin i do spriocphobal, do rannpháirtithe, d'fhoireann tionscadail nó san áit ábhartha (m. sh. más de dhaonraí imeallaithe, de dhaonraí faoi dhúshlán nó de dhaonraí 'neamh-inrochtana' iad), agus luaigh anseo é le do thoil, más amhlaidh atá sé.

Ní mór go dtárlódh tionscadail in 2019 laistigh de cheantar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (áit a bhfuil camchuariteanna//láithreáin éagsúla á moladh, ní chuirfear san áireamh ach na costais le haghaidh na nithe a bhaineann leis na gnéithe thuas).

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Critéir agus Treoirínte an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

DEONACH

Clár ealaíon nó forbairt tionscadail a dhéanann eagraíochtaí nó grúpaí deonacha nuair a thugann siad ealaíontóirí proifisiúnta isteach, a chuireann uailmhian ealaíonta ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí nó na ngrúpaí chun cinn.

- 1. Caighdeán agus Uailmhian Ealaíonta an tionscadail mholta (40%)**
Arna léiriú ag:
 - a. Uailmhian ealaíonta agus caighdeán an smaoinimh tionscadail
 - b. Rannpháirtíocht agus dintiúirí na nEalaíontóirí Proifisiúnta a bhfuil baint acu leis an tionscadal, ag léiriú conas a fheabhsaíonn sé seo an clár nó tionscadal atá ann faoi láthair
 - c. Táillí ealaíontóirí i gcomhréir leis an gcleachtas gairmiúil
- 2. Indéantacht an tionscadail maidir le hacmhainní aitheanta ar féidir iad a fhíorú (30%)**
 - a. Arna léiriú ag litreacha tacaíochta nó dearbhú maoinithe
 - b. Leibhéal agus rannpháirtíocht na ngrúpaí rannpháirteacha i ndearadh/bainistiú an tionscadail
 - c. Cumas 30% ar a laghad den mhaoiniú riachtanach a fháil ó fhoinsí eile
- 3. Láthair agus Inrochtaineacht (30%)**

Ar bhunús a Plean Ealaíon agus Straitéise Cultúrtha, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag féachaint le tacaíocht a chur ar fáil le haghaidh tionscadail agus cláir Ealaíon atá ionchuimsitheach agus a bhfuil tuiscint agus oscailteacht ag baint leo, le go rachaidh an obair seo i gcion ar phobail éagsúla. Úsáid doiciméid bheartais, m. sh. Beartas Míchumais, nó tionscnaimh mhargaíochta ar leith amhail ticéadú ísealchostais, chun fianaise a sholáthar maidir leis an gcur chuige seo. Is féidir an cur chuige seo a léiriú freisin i do spriocphobal, do rannpháirtithe, d'fhoireann tionscadail nó san áit ábhartha (m. sh. más de dhaonraí imeallaithe, de dhaonraí faoi dhúshlán nó de dhaonraí 'neamh-inrochtana' iad), agus luaigh anseo é le do thoil, más amhlaidh atá.

Ní mór go dtarlódh tionscadail in 2019 laistigh de cheantar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (áit a bhfuil camchuariteanna//láithreáin éagsúla á moladh, ní chuirfear san áireamh ach na costais le haghaidh na nithe a bhaineann leis na gnéithe thuas).

- Réimse an Deontais: 2,000 – 10,000 Euro

PRÓISEAS AN MHEASÚNAITHE

Caithfear gach iarratas a sheoladh isteach ar líne tráth nach déanaí ná 5 i.n. Déardaoin 1 Samhain 2018. Ní ghlacfar le hiarratais a thioctaidh isteach tar éis an dáta agus an ama seo. Eiseofar admháil fhoirmiúil le haghaidh d'iarratais, in éineacht le huimhir thagartha, laistigh de thrí seachtaine ón dáta sin. **Mura bhfaigheann tú an chumarsáid thuas laistigh den achar sin, tá sé mar fhreagracht ortsa teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Ealaíon ina leith seo.**

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Critéir agus Treoirínte an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

Déanfaidh baill foirne den tSeirbhís Ealaíon catagóiríú agus achoimriú ar d'iarratas. Iarratas ar bith ar léir nach bhfuil sé ag cloí leis na treoirínte agus na critéir incháilitheachta, d'fhéadfaí iad a chur as an áireamh ag an bpointe seo. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart acu féin iarratais a atreorú le bheith breithnithe le haghaidh catagóirí oiriúnacha eile seachas na cinn ar cuireadh iarratais isteach orthu, má mheastar go bhfuil sé chun leas an iarratasóra a leithéid a dhéanamh. Beidh gach iarratas breithnithe ansin ag beirt mheasúnóirí neamhspleácha (a bhfuil an taithí agus an saineolas bainteach acu) a dhéanfaidh moltaí ar gach iarratas cáilithe. Déanfaidh painéal measúnú ar na hiarratais ansin, agus é faoi stiúir chathaoirleach an Choiste Beartais Straitéisigh (CBS) ar na hEalaíona, Cultúr agus Gnóthaí Óige, agus beidh na daoine seo a leanas air:

- **Beirt chomhaltaí** de Choiste Deontais Ealaíon an CBS (d'fhéadfadh sé seo athrú i gcás catagóirí éagsúla)
- Oifigeach Ealaíon na Cathrach agus ball amháin eile d'Fhoireann na Seirbhíse Ealaíon. Caithfidh moltaí deiridh a bheith curtha faoi bhráid cruinniú den Chomhairle Cathrach ansin le bheith faofa.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- **Caithfidh** an tionscadal tarlú i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Cinnteoidh an chuideachta, an t-ealaíontóir nó an fhoireann go bhfuiltear ag cloí leis na riachtanais reachtúla agus fodhlíthe údaráis áitiúil go léir, lena n-áirítear an Polasaí um Chosaint Leanaí
- Beidh ar dhaoine/dreamanna a fhaigheann deontais ar luach €5000 nó os a chionn cloí le 5 phríomhphrionsabal an Chóid Rialachais le haghaidh eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanacha. Féach ar www.governancecode.ie chun cur síos ar na 5 phríomhphrionsabal a fheiceáil
- Beidh ar dhaoine a fhaigheann deontais ar luach €10,000 nó níos mó deimhniú imréitigh cánach bailí a chur ar fáil sula bhfaighidh siad an chéad tráthchuid agus le haghaidh íocaíochtaí an Deontais Ealaíon ina dhiaidh sin
- Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (SF) 1997 agus 2003. Má mheasann tú go bhfuil eolas ar bith a chuir tú ar fáil íogair ó thaobh tráchtála de nó faoi rún, ba chóir aird a dhíriú air seo agus cúiseanna na híogaireachta a lua. I gcásanna mar seo, cuirfear iarratas Saorála Faisnéise isteach maidir leis an eolas ábhartha, agus déanfar iniúchadh air i bhfianaise na ndíolúintí a ndéantar foráil dóibh sna hAchtanna
- Cuirfear aiseolas ar fáil ar iarratas scríofa amháin. Ní mór iarratais a chur isteach tráth nach déanaí ná **20 lá** tar éis an chruinnithe le Comhairle Cathrach ina bhfaomhtar Deontais Ealaíon

TREORLÍNTE MAIDIR LE COMHLÁNÚ NA FOIRME D'IARRATAS AR DHEONTAS

N.B. Tá sé tábhachtach gach cuid den fhoirm a chomhlánú, fiú na réimsí sin nach mbaineann leat/libh (áit ar féidir leat 'Neamhbhainteach' a scríobh). D'fhéadfaí go mbeadh d'eagraíocht neamhcháilithe agus nach mbreithneofaí í mura mbeadh an fhoirm comhlánaithe go hiomlán.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Critéir agus Treoirínite an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

RANNÁN 1 – SONRAÍ NA HEAGRAÍOCHTA AGUS CATAGÓIR AN MHAOINIÚCHÁIN (le bheith mar rannán 3)
--

- a. – f. Cuir na sonraí iomlána ar fáil, le do thoil, agus tú ag cinntiú gurb é an teagmhálaí a luafar an duine a bheidh ag plé le ceisteanna ar bith faoin iarratas.
- g. Féach ar na Catagóirí Maoiniúcháin, le do thoil, (lgh.1-5) sa treoirínite seo chun achoimre a fháil ar gach catagóir. Roghnaigh an chatagóir mhaoiniúcháin is fearr a dhéanann cur síos ar an réimse is baintí le d’eagraíocht, le do thoil. Ach má mheasann an Oifig Ealaíon go bhfuil catagóir eile níos oiriúnaí, scríobhfar comhfhreagras chugat ina leith seo. Ní rachaidh sé seo i bhfeidhm ar do theidlíocht i leith maoinithe ná ar chuid ar bith eile de d’iarratas.
- h. Cuir tic sa chur síos eagraíochta is fearr a chuireann síos ar an bpríomhfeidhm atá agaibh, le do thoil – má roinntear breis is feidhm amháin go cothrom, is féidir leat seo a lua.
- i. Is iad na disciplíní ealaíonta atá liostaithe na cinn siúd atá luaite san Acht Ealaíon, 2003. Is ionann ‘ildisciplíneach’ sa chatagóir seo agus 3 fhoirm ealaíne nó níos mó. Is éard is Fócas Malartach ann ná nuair a roghnaíonn eagraíocht foirm ealaíne ar leith ar a mbeidh siad ag díriú go hiomlán nó go príomha in aon bhliain ar leith. Má roghnaíonn tú an chatagóir seo, caithfidh tú fócas na foirme ealaíne beartaithe le haghaidh 2019 a lua.
- j. Cuir sonraí airgeadais cruinne ar fáil, le do thoil. Mura bhfuil taithí agat ar mhaoiniú a fháil ó Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath, luaigh seo le do thoil.
- k. Cuir sonraí airgeadais cruinne ar fáil, le do thoil.
- l. Tabhair cur síos cruinn ar na baill foirne atá fostaithe.
- m. Caithfear an cur síos seo a dhéanamh gan níos mó ná 150 focal a úsáid.

RANNÁN 2 – SONRAÍ MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ EALAÍONTA

- a. Caithfear seo a lua gan níos mó ná 120 focal a úsáid.
- b. Caithfear seo a lua gan níos mó ná 250 focal a úsáid. Is ceadmhach pointí le hurchar a úsáid má mheastar sin a bheith úsáideach. Is ceadmhach ábhar tacaíochta (tuarascálacha, cláir, bróisiúir, nuachtlitreacha, léirmheasanna) maidir le hobair a rinneadh in 2018 a chur san áireamh i d’iarratas chomh maith.
- c. Déan cur síos ar an bpríomh-spríocghrúpa a bhaineann le gach saothar ar leith (m.sh. saothar nua a choimisiúnú – ealaíontóirí nua/éiritheacha; tionscadal forbartha lucht féachana – dream ar leith sa chathair; tionscadal ealaíon atá bunaithe sa phobal – daoine óga).
- d. Déan cur síos ar an gclár oibre beartaithe a bhfuil maoiniú á lorg ina leith ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le do thoil. Uimhrigh agus aicmigh saothair ar leith in ord tosaíochta, le do thoil. Maidir le gach saothar, déan cur síos ar chineál na

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Critéir agus Treoirínte an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

gníomhaíochta (m.sh. saothar coimisiúnaithe, oideachas ealaíon agus forbairt lucht féachana), na healaíontóirí agus daoine eile a bhaineann leis, an t-achar ama agus na dátaí pleanáilte le haghaidh cur i láthair agus modhanna pleanáilte le haghaidh athbhreithniú agus measúnacht an tsaothair.

- e. Luaigh na táillí ealaíontóra go léir go soiléir, le do thoil. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta d'íocaíocht cheart chothrom le healaíontóirí agus ní bheidh iarratais nach gcloíonn leis seo cáilithe.
- f. I gcás iarratasóirí loncaim agus Tionscadail, déan cur síos ar do phlean margaíochta nó ar straitéis forbartha don lucht spéise.

Má tá tú ag úsáid ainmneacha tríú páirtithe i d'iarratas, iarraidimid ort a chinntiú go bhfuil cead faighte agat uathu chuige seo.

RANNÁN 3 – SONRAÍ AIRGEADAIS AGUS RIALACHAIS

- N.B.** Caithfidh gach duine/dream a chuireann iarratas isteach ar mhaoiniú loncaim sraith iomlán cuntas iniúchta a chur ar fáil in éineacht lena (n-)iarratas. Nuair is bainteach i gcatagóirí eile (i.e. eagraíochtaí ina bhfuil láimhdeachas os cionn €5000 in aghaidh na bliana), caithfear cuntais dheimhnithe a chur ar fáil.
- a. Cuir sonraí airgeadais cruinne ar fáil, le do thoil. Léirigh gach foinse réamh-mheasta ioncaim/maoiniúcháin agus sonraigh iad siúd nach bhfuil deimhnithe go fóill. Caithfidh an miondealú ioncaim agus caiteachais a bheith soiléir agus tagairt ar leith a dhéanamh don tionscadal a bhfuil iarratas á chur isteach air.
- b. Má tá d'eagraíocht cláraithe ó thaobh cánach de, d'fhéadfaí go mbeadh Deimhniú Imréitigh Cánach de dhíth sula n-íocfar an t-airgead.
- c. Má tá tú/sibh cláraithe le haghaidh CBL, cuir d'uimhir chláraithe ar fáil, le do thoil.
- d. Más carthanas cláraithe sibh, cuir bhur n-uimhir chláraithe ar fáil, le do thoil.
- e. Táthar ag súil leis go mbeidh eagraíochtaí a chuireann iarratas isteach ar mhaoiniú loncaim tar éis glacadh leis na prionsabail chaighdeánacha rialachais de réir mar is iomchuí do riachtanais a n-eagraíochta féin.

CUID 4 - CÁIPÉISÍ TACAÍOCHTA

- Caithfidh gach iarratasóir doiciméid tacaíochta a chur ar fáil, lena n-áirítear: CVanna ealaíontóirí, deimhniú ionaid
- Tá gá le litreacha tacaíochta nuair a liostaítear comhpháirtíochtaí, pobail nó tacaí eagraíochtúla eile.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Critéir agus Treoirínte an Deontais Ealaíon le haghaidh 2019

- Pé áit ar gá, caithfear staidéar féidearthachta a chur ar fáil chomh maith ina luaitear tuiscint ar cheisteanna airgeadais agus lóistíochta, go háirithe maidir le hócáidí poiblí.
- Ní mór do ghrúpa nó d'eagraíocht a iarrann cúnamh deontais méadú mór a léiriú ar a seirbhís/a gcleachtas maidir le huailmhian ealaíontóra.

RANNÁN 5 - CÁILITHEACTH

Is neamh-incháilithe iad iarratais ar threalamh a cheannach, margáocht, costais riaracháin agus fónais. Caithfear ealaíontóir ainmnithe gairmiúil a fháil ag an gcéim is luaithe den togra, agus ní mór a c(h)uspóirí ealaíonta a chur in iúl go soiléir.

SEICLIOSTA IARRATAIS/ÁBHAR TACAÍOCHTA

Iarratas	Seiceáil
Sonraí teagmhála	
Sonraí catagóire	
Cur Síos ar an Eagraíocht	
Disciplín Ealaíonta	
Stair Mhaoiniúcháin	
Ioncam agus Caiteachas	
Líon na mBall Foirne atá Fostaithe	
Beartas Míchumais	
Cur chuige maidir le do shaothar a bheith ar fáil do luchtanna spéise ilghnéitheacha	
Gníomhaíochtaí Ealaíonta	
Forbairt Ealaíonta	
Clár Oibre Pleanáilte 2019	
Sonraí Airgeadais agus Rialachais	
Ráiteas Iarratasóra deimhnithe	
Síniú	
Ábhar tacaíochta	
Aon chóip amháin den ábhar tacaíochta	
Ná cuir isteach bunsaothair ealaíne	
Cuir litreacha tacaíochta ar fáil	